

# CLÁR

RÉAMHRÁ	2
AN EAGRAÍOCHT GAELSCOILEANNA TEO.	3
FÁS AGUS FORBAIRT SAN EARNÁIL GAELSCOLAÍOCHTA	4
RÁITEAS FÍSE	6
ÁR dTREOIRPHRIONSABAIL	7
PRÍOMHRÉIMISÍ OIBRE NA hEAGRAÍOCHTA	8
RÉIMSE OIBRE 1: Bunú Scoileanna	10
RÉIMSE OIBRE 2: Buanú Scoileanna	11
RÉIMSE OIBRE 3: Forbairt Scoilphobail	14
AGUISÍNÍ	
Aguisín 1: Bord Stiúrtha GAELSCOILEANNA TEO.	15
Aguisín 2: An Ghaelscolaíocht agus an Córas Tumoideachais	16
Aguisín 3: An Fóram Scoilphobail	18
Aguisín 4: An Ghaelscolaíocht ó Thuaidh	19

## I. RÉAMHRA



### An Próiseas Dréachtaithe

Tógann an Plean Straitéiseach seo ar Phlean Gníomhaíochta na hEagraíochta 2004 – 2007 a leag amach mórspriocanna na tréimhse. Cuireadh tús leis an bpróiseas d'ullmhú Dréachtphlean Straitéisigh ag lá Pleanála Straitéisí i Maigh Nuad Bealtaine 2006 ar fhreastail idir Bhord Stiúrtha agus Fhoireann GAELSCOILEANNA TEO air. Glacadh leis an Dréachtphlean Straitéiseach ag leibhéal an Bhoird Stiúrtha ar an 21 Deireadh Fómhair 2006. Mar chuid den phróiseas dréachtaithe, cuireadh an Dréachtphlean i láthair ag Comhdháil Bhliantúil agus Oideachais na heagraíochta Samhain 2006. Seoladh cóip chuig gach scoil lán-Ghaeilge agus cuireadh ar shuíomh gréasáin na heagraíochta é ar mhaithe le haighneachtaí agus ionchur na bpáirtithe leasmhara a fháil. Tá feidhmiú an dréachtphlean á chur i gcrích san eagraíocht ó shin agus baineadh leas as mar bhunús don iarratas ar bhunmhaoiniú don bhliain 2007, 2008 agus 2009. Tá an Plean Straitéiseach ar fáil ar shuíomh gréasáin na heagraíochta [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie) agus tá cóip seolta go gach scoil lán-Ghaeilge sa tír agus chuig ár bpáirtithe leasmhara uile.

### Modhanna don chur i bhfeidhm

Forbairt straitéiseach atá sa cháipéis seo a úsáidtear mar léiriú ar mhóraidhmeanna straitéiseacha agus cuspóirí na hEagraíochta agus mar threoir don chlár oibre gach bliain. Úsáidtear an Plean Straitéiseach mar bhunús dár riachtanais acmhainní agus dár n-iarratas ar bhunmhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge ar bhonn bliantúil. Anuas air seo, is é sprioc an Phlean Straitéisigh ná léargas a thabhairt ar riachtanais agus ar dheiseanna fadtéarmacha na hearnála, le cuspóirí aitheanta don spriocthréimhse. Cáipéis oibre atá ann chomh maith le huirlis mheasúnaithe ar chomhlíonadh spriocanna.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bPlean sa bhliain 2010, agus de réir mar is gá, i gcomhthéacs an dul chun cinn a dhéanfar le linn na trí bliana, agus freisin i gcomhthéacs an mhaoinithe a cheadófar. Déanfar monatóireacht leanúnach ar fheidhmiú an Phlean trí phróiseas tuairiscithe ag cruinnithe den Bhord Stiúrtha agus ag gach Comhdháil Bhliantúil. Aithníonn an cháipéis seo na spriocanna straitéiseacha don chéad trí bliana eile, cé gur ar bhonn iarratais bhliantúil a cheadaítear an bunmhaoiniú.

### Buíochas

Is mian linn buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann dhíograiseach atá tiomanta do chomhlíonadh na gcuspóirí atá aitheanta agus a thacaíonn le fíis na heagraíochta. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil leis an mBord Stiúrtha as an treoir cheannasach shaineolach i réimsí éagsúla. Is de thoradh an chomhoibríthe idir an fhoireann, an fochoiste pleanála straitéisí agus an Bord Stiúrtha a tháinig an plean seo chun cinn agus muid ag freagairt do dhúshláin earnáil an oideachais agus earnáil an ghaeleoidreachais go háirithe. Táimid go mór faoi chomaoin ag gach duine ón bhfoireann, ón mBord Stiúrtha, ó na scoileanna féin agus ón bpobal a chuir le forbairt an phlean seo. Fáiltímid go mór roimh mholtaí agus ionchur leanúnach i gcur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach GAELSCOILEANNA TEO. 2008 – 2011. Is mian linn buíochas a chur in iúl don bhunmhaoinitheoir, Foras na Gaeilge, as maoiniú a chur ar fáil d'fhoilsiú an phlean seo agus as an tacaíocht leanúnach i bhfeidhmiú an phlean sa toadhchái.

**Bláthnaid ní Ghréacháin**  
Ardfheidhmeannach

**Micheál Ó Broin**  
Uachtarán

## 2. AN EAGRAÍOCHT GAELSCOILEANNA TEO.

### Cúlra agus Stádas

Bunaíodh GAELSCOILEANNA TEO. i 1973 mar eagraíocht dheonach náisiúnta chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Tugann an eagraíocht spreagadh, comhairle agus tacaíocht phraiticiúil don phobal, nó don duine sa phobal, a chinneann scoil a bhunú agus feidhmíonn sí ar mhianta an phobail.

Bhunaigh grúpa tuismitheoirí agus múinteoirí an eagraíocht agus tá sí ag treabhadh léi ó shin i ngeall ar dhíograis an phobail. Is í príomhobair na heagraíochta ná comhordú a dhéanamh ar bhunú agus ar fhorbairt na hearnála – agus gach tacaíocht a thabhairt i dtreo neartú na hearnála, bunú scoileanna nua agus buanú nó forbairt scoileanna atá ann cheana.

Tá an eagraíocht aitheanta mar Chomhpháirtí Oideachais ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, mar aon le páirtithe leasmhara eile amháil na pátrúin scoile, na ceardchumainn do mhúinteoirí, comhairle na dtuismitheoirí, srl.

Is comhlacht teoranta gan scairchaitil é GAELSCOILEANNA TEO., a corpraíodh ar an 1 Eanáir 2000.

### Struchtúr Eagraíochtúil

Faoi Airteagail Chomhlachais na hEagraíochta, leagtar dualgas ar na stiúrthóirí coiste comhairleach a bhunú agus a thionól gach bliain ar a mbeidh ionadaíocht leathan ó na baill agus ó chomhpháirithe eile atá ag teagasc trí mheán na Gaeilge agus ceapfar triúr ionadaithe faoi seach ó gach scoil lán-Ghaeilge

mar chomhaltaí den choiste comhairleach. Bíonn vóta ag gach comhalta cibé acu an comhalta den chuideachta nó comhalta den choiste comhairleach é/í. Is iad na comhaltaí a thoghann na hoifigigh agus baill an Bhoird Stiúrtha ag Comhdháil Bhliantúil na heagraíochta. Stiúraíonn an Bord Stiúrtha agus an tUachtarán an fhoireann i dtaobh cur i bhfeidhm clár oibre na heagraíochta.

### An Bord Stiúrtha

Bíonn seachtar oifigeach agus suas le trí bhall déag ceadaithe ar an mBord Stiúrtha. Bíonn an Bord Stiúrtha comhdhéanta de thuismitheoirí, mhúinteoirí agus bhaill de Bhoird Bhainistíochta sna scoileanna lán-Ghaeilge fud fad na tíre. Mar chuid de phleanáil straitéiseach na hEagraíochta, déantar forbairt ar an mBord Stiúrtha ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go bhfuil an leas is fearr á bhaint as an saineolas ar an mBord agus chun a chinntiú go bhfuil éifeacht iomlán le struchtúr agus feidhmiú an Bhoird.

### An Fhoireann

Faoi láthair tá cúigear ball foirne ag GAELSCOILEANNA TEO. Is iad sin:-

- Ardfheidhmeannach
- Leas-Ardfheidhmeannach
- Oifigeach Forbartha
- Feidhmeannach
- Rúnaí oifige

Cuirtear iarratas ar son breis foirne chuig an maoinitheoir gach bliain mar chuid den iarratas ar bhunmhaoiniú.


### 3. FÁS AGUS FORBAIRT SAN EARNÁIL GAELSCOLAÍOCHTA

Tá fás agus forbairt shuntasach tagtha ar earnáil na gaelscolaíochta ó 1972 i leith le 170 bunscóil agus 42 iar-bhunscóil ag cur oideachas lán-Ghaeilge ar fáil faoi láthair ar bhonn 32 contae, lasmuigh den Ghaeltacht (nó 139 agus 38 faoi seach sna 26 contae). Aithníonn an Plean do Bhunú Gaelscolaíochta 2007-2017, atá á chur i bhfeidhm ag GAELSCOILEANNA TEO., i gcomhar le Forbairt Naíonraí Teoranta, na sprioc-cheantair chun soláthar na gaelscolaíochta a fheabhsú iontu, ach na hacmhainní a bheith ar fáil ag GAELSCOILEANNA TEO. chun an obair riachtanach seo a threorú móide na hacmhainní cuí ag na patrúin scoile i dtobh cóiríochta chuí a chur ar fáil.

#### Staitisticí

Sa ghraf thíos, léirítear an fás atá tagtha ar an nGaelscolaíocht idir bhunscóileanna agus iar-bhunscóileanna taobh amuigh den Ghaeltacht le 35 bliain anuas. I 1972, ní raibh ach 11 Bhunscóil agus 5 Iar-bhunscóil ar an bhfód. Le hoscailt na scoileanna don scoilbhliain 2007 bhí 166 bunscóil agus 42 iar-bhunscóil ar an bhfód, is ionann sin agus fás 1225% má dhéantar comparáid idir 1972 agus 2007. Léiríonn an graf an sáróbair atá á déanamh san earnáil, agus go príomha ag daoine ceannródaitheacha ar bhonn deonach.

#### Fás na Gaelscolaíochta sna 32 Contae Iasmuigh den Ghaeltacht



### 3. FÁS AGUS FORBAIRT SAN EARNÁIL GAELSCOLAÍOCHTA

Sa tábla thíos, léirítear staid an oideachais trí mheán na Gaeilge in Éirinn ón Réamhscolaíocht go dtí an iar-bhunleibhéal ar fud an oileáin don bhliain 2007, an Ghaeltacht san áireamh. Sna 26 contae, b'ionann an 136 bunscoil agus 4.13% den líon iomlán bunscoileanna atá ann go náisiúnta don bhliain 2007. Má shuimítear líon na ngaeilscoileanna agus líon na mbunscoileanna Gaeltachta, is ionann sin agus 8.19% den líon iomlán bunscoileanna go náisiúnta don bhliain 2007. I gcás na niar-bhunscoileanna b'ionann an 40 iar-bhunscoil agus 5.46% de líon iomlán iar-bhunscoileanna go náisiúnta. Má shuimítear líon na niar-bhunscoileanna laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, is ionann sin agus 8.47% de líon iomlán na niar-bhunscoileanna go náisiúnta don bhliain 2007. Is léir ón

bpíchairt gur obair riachtanach í obair GAELSCOILEANNA TEO. i gcomhthéacs fáis agus forbartha an oideachais trí mheán na Gaeilge in Éirinn agus go bhfuil an leanúnchas ó leibhéal go leibhéal laistigh d'earnáil an oideachais ríthábhachtach d'fhorbairt na hearnála lán-Ghaeilge.

Is léir ó na staitisticí thuas go bhfuil earnáil na gaeilscolaíochta faoi bhláth. Tá scoileanna lán-Ghaeilge nua á mbunú ag tuismitheoirí ag an dá leibhéal go seasta agus go leanúnach, rud a chuireann go mór le líon na ndaltaí gach bliain a chláraíonn leis na scoileanna lán-Ghaeilge. Deimhníonn an fás agus an fhorbairt seo mian tuismitheoirí na tíre seo d'oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí.

#### Oideachas trí Ghaeilge ón Réamhscolaíocht go dtí an Iar-bhunleibhéal

Buscoileanna sna 26 Chontae (taobh amuigh den Ghaeltacht)	135
Iar-bhunscoileanna sna 26 Chontae (taobh amuigh den Ghaeltacht)	26
Aonaid / Sruth iar-bhunscolaíochta (sna 26 Chontae lasmuigh den Ghaeltacht)	12
Naíonraí sna 26 Chontae (taobh amuigh den Ghaeltacht)	167
Naíonraí Gaeltachta	71
Bunscoileanna Gaeltachta	101
Iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht	21
Naíonraí sna 6 Chontae	42
Bunscoileanna sna 6 Chontae	31
Iar-bhunscoileanna sna 6 Chontae	4
<b>IOMLÁN</b>	<b>610</b>

## 4. RÁITEAS FÍSE

*Gaelscolaíocht d'ardchaighdeán a bhunú agus a bhuanú ar fud na tíre maraon le pobal agus cultúr na Gaeilge a fhorbairt agus a neartú.*

Gaelscoileanna 

Gaelscoileanna Teo.  
Halla Naomh Pádraig,  
Institiúid Oideachais Marino,  
Ascaill Uí Ghríofa,  
Baile Átha Cliath 9.

01 853 5195  
oifig@gaelscoileanna.ie  
www.gaelscoileanna.ie

## 5. ÁR dTREOIRPHRIONSABAIL

Tugann na treoirphrionsabail seo a leanas creatlach d'aidhmeanna agus straitéisí GAELSCOILEANNA TEO.

### LEAS AN DALTA:

Féachann GAELSCOILEANNA TEO. chuige go mbíonn leas an dalta mar chroílár gach rud a dhéanann sí.

### FORBAIRT NA GAEILGE AGUS POBAIL LE GAEILGE:

Tá forbairt na Gaeilge agus forbairt pobail le Gaeilge lárnach d'obair na heagraíochta.

### UILEGHABHÁLACHT:

Cothaíonn GAELSCOILEANNA TEO. uileghabhálacht agus comhpháirtíocht i ngach gné dá gníomhaíochtaí.

### SÍORFHOGHLAIM:

Creideann GAELSCOILEANNA TEO. i dtábhacht na síorfhoghlama agus leanfar ag forbairt an choincheapa agus na ndeiseanna feidhmithe dá réir.

### ARDCHAIGHDEÁN:

Spreagann GAELSCOILEANNA TEO. ardchaighdeán sa soláthar gaelscolaíochta agus tá an eagraíocht tiomanta d'ardchaighdeán agus d'éifeachtacht ina gníomhaíochtaí féin.

### MEAS AGUS MUINÍN:

Cothaíonn GAELSCOILEANNA TEO. meas agus muinín na bpáirtithe leasmhara uile as forbairt agus cur i bhfeidhm na gaelscolaíochta.

### SOLÚBTHACHT:

Cinntíonn GAELSCOILEANNA TEO. solúbthacht ina cur chuige ar mhaithe le freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais athraitheacha na hearnála agus na sochaí.

### ROGHA:

Léiríonn GAELSCOILEANNA TEO. meas ar rogha oideachais an duine aonair.

### ACMHAINNÍ:

Baineann GAELSCOILEANNA TEO. úsáid éifeachtach as acmhainní airgeadais agus daonna na heagraíochta chun leas na hearnála.



## 6. PRÍOMHRÉIMSÍ OIBRE NA HEAGRAÍOCHTA

Tá ualach oibre GAELSCOILEANNA TEO. méadaithe go suntasach le cúpla bliain anuas, agus fás thar cuimse ag teacht air gach bliain. Méadaíonn agus leathnaíonn réimsí na hoibre de réir mar a thagann fás agus forbairt ar an earnáil. Leirítear thíos conas mar a eascraíonn 3 príomhréimse oibre na heagraíochta as an ráiteas físe.

### AN GHAELSCOLAÍOCHT - AG FÁS AGUS AG FORBAIRT

#### RÁITEAS FÍSE

*Gaelscolaíocht d'ardchaighdeán a bhunú agus a bhuanú ar fud na tíre maraon le pobal agus cultúr na Gaeilge a fhorbairt agus a neartú.*

#### 1 | BUNÚ SCOILEANNA

- 1.1 freastal ar éileamh ón bpobal do scoileanna nua
- 1.2 pleanáil réamhghníomhach don soláthar
- 1.3 leanúnachas ó leibhéal go leibhéal a éascú

#### 2 | BUANÚ SCOILEANNA

- 2.1 tacaíocht leanúnach
- 2.2 sároideachas agus dea-chleachtas a éascú
- 2.3 Comhdháil Bhliantúil oideachais den scoth
- 2.4 imeachtaí idir scoile a éascú
- 2.5 ionadaíocht agus stocaireacht thar ceann na scoileanna lán-Ghaeilge

#### 3 | FORBAIRT SCOILPHOBAIL

- 3.1 forbairt agus leathnú phobal na Gaeilge
- 3.2 feasacht a ardú ar riachtanais agus ar dheiseanna an scoilphobail



## 6. PRÍOMHRÉIMSÍ OIBRE NA HEAGRAÍOCHTA

### 1. BUNÚ SCOILEANNA

Gné amháin i measc go leor sainchúraimí straitéiseacha d'obair GAELSCOILEANNA TEO. is ea bunú scoileanna lán-Ghaeilge, an ghné is intomhaiste ó thaobh aschur feiceálach de. Is ag freagairt d'éileamh a eascraíonn ón bpobal is mó atá cur chuige na heagraíochta go dtí seo. Ach le feidhmiú an phlean do Bhunú Gaelscolaíochta 2007-2017, tá tús curtha le cur chuige pleanála straitéisí chun dul i bhfeidhm go réamhghníomhach ar an bpobal. Cé gur éacht atá ann san fhás suntasach atá ar líon na scoileanna lán-Ghaeilge atá bunaithe agus a bheidh á mbunú, is eochair-thosaíocht í don eagraíocht cúram agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil d'fhorbairt agus do bhuanú na scoileanna lán-Ghaeilge atá ann ar bhonn leanúnach.

### 2. BUANÚ SCOILEANNA

Tá buanú scoileanna i gcoilár na pleanála d'earnáil na gaelscolaíochta mar aon le sprioc aitheanta sa Phlean Straitéiseach seo. Is éard atá i gceist le buanú scoileanna ná seirbhís chuí tacaíochta leanúnach a chur ar fáil don raon leathan saincheisteanna agus dúshláin a thagann aníos ó na scoileanna lán-Ghaeilge, go háirithe go dtí an tréimhse ina bhfaigheann an scoil cóiríocht bhuan. Is sraith de chéimeanna atá ann – idir cheisteanna acmhainní, cóiríocht na scoileanna, láithreachta sa phobal agus tógáil scoilphobail.

Tá ról ag foireann agus baill an Bhoird Stiúrtha san obair thábhachtach bhuanaithe scoile. Aithnítear an géarghá a bhaineann le leibhéal tacaíochta níos airde a bheith ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge ag an dá leibhéal, trí bhreis foirne a bheith ag an eagraíocht. Cuirtear an riachtanas seo faoi bhráid an mhaoinitheora gach bliain san iarratas ar bhunmhaoiniú.

Le breis acmhainní, cinnteofar go leanfar ag méadú ar an soláthar atá ar an ngaelscolaíocht sa phobal ag an dá leibhéal; go neartófar an leanúnchas soláthair idir bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht; agus gur ar bhealach pleanáilte a dhéanfar forbairt ar an ngaelscolaíocht agus, dá réir sin, go mbeidh caighdeán chuí soláthair agus chóiríochta ag tionscadail úra. Aithnítear an géarghá a bhaineann le tacaíocht níos struchtúrtha d'fhorbairt na nAonad lán-Ghaeilge agus tá stocaireacht leanúnach á déanamh ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar an gceist seo agus ar riachtanais uile na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

### 3. FORBAIRT SCOILPHOBAIL

Tá forbairt scoilphobail aitheanta mar cheann d'eochair-thosaíochtaí GAELSCOILEANNA TEO. Tá deiseanna ollmhóra ann chun dul i bhfeidhm go straitéiseach ar an bpobal thart timpeall ar an scoil lán-Ghaeilge, chun comhthéacs beo a thabhairt don Ghaeilge, do pháistí na scoileanna, a dtuismitheoirí agus an pobal máguaird go ginearálta.

Trí chur leis an tacaíocht ar an talamh, cinnteoidh GAELSCOILEANNA TEO. go gcuirfidh an tionscnamh gaelscolaíochta le forbairt níos leithne an phobail labhartha Gaeilge. Tá forbairt mhórpobail labhartha na Gaeilge, chomh maith le forbairt an scoilphobail, ag brath go mór ar earnáil na gaelscolaíochta chun cumas, sealbhú agus saibhreas na teanga agus an chultúir a chur i bhfeidhm, agus a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile.

Tá Fóram Scoilphobail bunaithe ag an eagraíocht i gcomhar le Comhairle na Gaelscolaíochta, Iontaobhas na Gaelscolaíochta, Comhluadar, FNT agus Comhdháil Naisiúnta na Gaeilge, rud a chuireann go mór le comhoibriú trasteorann, chun leasa bhuanú na scoileanna lán-Ghaeilge sa phobal agus chun tuiscint an phobail ar luachanna agus ar bhuntáistí na gaelscolaíochta a ardú.

## 6. PRÍOMHRÉIMSÍ OIBRE NA HEAGRAÍOCHTA

### 1. RÉIMSE OIBRE BUNÚ SCOILEANNA

#### AIDHM

#### 1.1 FREASTAL AR ÉILEAMH ÓN bPOBAL DO SCOILEANNA NUA

Go spreagfar éileamh ón bpobal le haghaidh soláthar gaelscolaíochta don dá leibhéal agus go ndéanfar freastal cuí ar an éileamh.

#### STRAITÉISÍ

- Treoir ar phróiseas bunaithe scoile a thabhairt do choistí bunaithe ag an dá leibhéal trí thacaíocht leanúnach a chur ar fáil.
- Bolscaireacht a dhéanamh ar an ngaelscolaíocht chun éileamh méadaithe ó phobail uile oileán na hÉireann a spreagadh.
- Ábhar bolscaireachta cuí ar an ngaelscolaíocht a fhoilsiú go hilteangach.
- Comhoibriú le patrúin uile na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna maidir le saincheisteanna pátrúnachta, lena n-áirítear cóiríocht agus sainmheon na Gaeilge.

#### AIDHM

#### 1.2 PLEANÁIL RÉAMHGHNÍOMHACH DON SOLÁTHAR

Go ndéanfar pleanáil ar sholáthar don todhchaí ar bhonn réamhghníomhach.

#### STRAITÉISÍ

- Plean do Bhunú Gaelscolaíochta 2007 – 2017 a fhorbairt go leanúnach agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le FNT agus Comhairle na Gaelscolaíochta.

#### AIDHM

#### 1.3 LEANÚNACHAS Ó LEIBHÉAL GO LEIBHÉALA ÉASCÚ

Go ndéanfar an leanúnachas ón réamhscolaíocht go hiar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge a neartú.

#### STRAITÉISÍ

- Comhoibriú le Forbairt Náionraí Teoranta chun soláthar cuí réamhscolaíochta trí Ghaeilge a chur san áireamh sa phróiseas bunaithe bunscoile.
- Féachaint lena chinntiú go mbeidh teacht ag gach dalta sa bhunscolaíocht lán-Ghaeilge ar sholáthar cuí iar-bhunscolaíochta i gcomhthéacs na pleanála straitéisí do scoileanna lán-Ghaeilge nua.
- Go dtabharfar tacaíocht d'fhorbairt na nAonad mar institiúidí sároideachais trí Ghaeilge san áit nach féidir iar-bhunscoil neamhspleách a bhunú.

## 6. PRÍOMHRÉIMSÍ OIBRE NA HEAGRAÍOCHTA

### 2. RÉIMSE OIBRE BUANÚ SCOILEANNA

#### AIDHM

#### 2.1 TACAÍOCHT LEANÚNACH

Go gcuirfear cúnamh agus tacaíocht leanúnach ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge de réir a gcuid sainriachtanais.

#### STRAITÉISÍ

- Go mbeidh seirbhísí tacaíochta ar ardchaighdeán ar fáil ón eagraíocht ó thús go deireadh na scoilbliana.
- Go dtabharfar cuairteanna ar scoileanna lán-Ghaeilge chun riachtanais na scoileanna a aithint agus clár oibre na heagraíochta a fhorbairt dá réir.
- Teagmháil a éascú agus a chothú idir scoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta.
- Suíomh idirlín na heagraíochta a fhorbairt go leanúnach le go mbeidh sé ina lár-ionad eolais do scoileanna lán-Ghaeilge.
- Deiseanna malartaithe saineolais a chruthú agus a chothú do mhúinteoirí, do phríomhoidí, do theangeolaithe agus do shaineolaithe ar shaincheisteanna na gaelscolaíochta, mar shampla trí sheimineáir, tríd an gComhdháil Bhliantúil chomh maith le trí shuíomh idirlín na heagraíochta agus an nuachtlitir leictreonach.
- Oiliúint leanúnach a éascú do phríomhoidí agus do mhúinteoirí trí sheisiúin eolais ar pholasaithe na heagraíochta m.sh. 'Ár bPolasaí Gaeilge', An Tumoideachas srl.
- Plé agus comhoibriú le An tSeirbhís um Thacaíocht Ghairmiúil do Bhunscoileanna, Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann, LDS, An Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile srl. ar mhaithe lena gcuid seirbhísí a chur in oiriúint do riachtanais na gaelscolaíochta.
- Cúnamh a chur ar fáil do choistí bunaithe agus do scoileanna i bhféin-mhargaíocht a gcuid scoileanna féin.

#### AIDHM

#### 2.2 SÁROIDEACHAS AGUS DEA-CHLEAGHTAS A ÉASCÚ

Sároideachas trí Ghaeilge agus dea-chleachtas ag an mbun agus an iar-bhunléibhéal a éascú mar aon le feachtas a ardú ar fhealsúnacht, ar phrionsabail agus ar dhea-chleachtas an tumoideachais.

#### STRAITÉISÍ

- Ábhair bolscaireachta ar ardchaighdeán ar an ngaelscolaíocht agus ar an tumoideachas a dhearadh don phobal, do choistí bunaithe ag an dá leibhéal agus do na scoileanna lán-Ghaeilge. Ábhair bolscaireachta a uasdátú agus a fhoilsiú go hilteangach.
- Margaíocht agus poiblíocht ar an ngaelscolaíocht i bhfoilseacháin chuí, sa nuachtlitir leictreonach agus ar shuíomh gréasáin na heagraíochta chomh maith le trí chomhthionscadail le comhpháirtithe an Fhóraithe Scoilphobail.
- Comhoibriú le páirtithe leasmhara ar fhorbairt agus ar fheidhmiú Polasaí Náisiúnta ar an Tumoideachas agus feidhmiú an pholasaithe a éascú do scoileanna lán-Ghaeilge.
- Aighneachtaí agus moltaí straitéiseacha a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta maidir le dea-chleachtas agus forbairt na gaelscolaíochta.
- Próifíl an tumoideachais a ardú trí aitheantas a thabhairt go poiblí do shaineolas agus do thorthaí taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta ar an tumoideachas.
- An riachtanas a bhaineann le hábhar taighde dúchasach ar phrionsabail, ar theoricí agus ar dhea-chleachtas an tumoideachais in Éirinn a aithint agus a éileamh agus tacaíocht a lorg do thionscadail taighde tosaíochta.

## 6. PRÍOMHRÉIMSÍ OIBRE NA HEAGRAÍOCHTA

### AIDHM

### 2.3 COMHDHÁIL BHLIANTÚIL OIDEACHAIS DEN SCOTH

Go ndéanfar Comhdháil Oideachais den scoth a reáchtáil go bliantúil a éascóidh comhroinnt dea-chleachtais in earnáil na gaelscolaíochta agus a ardóidh próifíl na gaelscolaíochta.

### STRAITÉISÍ

- Pobal iomlán na scoileanna lán-Ghaeilge a mhealladh agus a spreagadh chun freastal ar an gComhdháil.
- Deis a chruthú do ghréasánú idir scoileanna lán-Ghaeilge agus malartú moltaí, smaointe agus saineolais.
- Clár fiúntach spésiúil a chur ar fáil dár mbaill le haoíchainteoirí a bhfuil clú agus cáil orthu sa réimse maille le sraitheanna de cheardlanna praiticiúla a reáchtáil.
- Leas a bhaint as na deiseanna atá ann do chur chun cinn na heagraíochta agus do shoiléiriú ról agus chúraimí na heagraíochta san earnáil.
- Maoiniú cuí a chinntiú chun Comhdháil den scoth a reáchtáil.
- Deiseanna a sholáthar d'idirphlé idir scoileanna agus a gcuid pobal, forbairt líonra ar bhonn réigiúnach agus do bhuanú na scoileanna lán-Ghaeilge.
- Deis don eagraíocht tuairisciú ar obair na heagraíochta agus a chinntiú go dtagann clár oibre na heagraíochta le riachtanais na scoileanna lán-Ghaeilge.

### AIDHM

### 2.4 IMEACHTAÍ IDIRSCOILE A ÉASCÚ

Imeachtaí idir scoile a spreagadh, a éascú agus a reáchtáil ar bhonn uile-oileáin

### STRAITÉISÍ

- Plé straitéiseach le hóg-eagrais ar mhaithe le soláthar imeachtaí agus comórtais do scoileanna ag an dá leibhéal ar bhonn uile-oileáin a chinntiú.
- Maoiniú a chinntiú agus a chur ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge chun cabhrú leo imeachtaí agus comórtais do scoileanna ag an dá leibhéal ar bhonn uile-oileáin a reáchtáil iad féin.
- Féachaint chuige go n-eagrófar imeachtaí agus comórtais iar-bhunscolaíochta, dála *Scléip!* de réir acmhainní na heagraíochta.

## 6. PRÍOMHRÉIMSÍ OIBRE NA HEAGRAÍOCHTA

### AIDHM

## 2.5

### IONADAÍOCHT AGUS STOCAIREACHT THAR CEANN NA SCOILEANNA

Go mbeidh GAELSCOILEANNA TEO. ag feidhmiú mar ghrúpa ionadaíochta agus stocaireachta ar son earnála na gaelscolaíochta.

### STRAITÉISÍ

- Ról stocaireachta na heagraíochta a fhorbairt chun a chinntiú go dtabharfar riachtanais agus soláthar na gaelscolaíochta san áireamh sa phróiseas pleanála fadtéarmaí trí, mar shampla, fheachtais a rith agus trí stocaireacht leanúnach ar na húdaráis Stáit, go háirithe sa chomhthéacs cóiríochta scoileanna, i gcomhair leis na patrúin chúí.
- Caidreamh straitéiseach a fhorbairt lenár gcomhpháirtithe oideachais trí rannpháirtíocht ghníomhach ar choistí náisiúnta agus comhchoistí oideachais, mar shampla GSPT, Comhchoiste Oideachais, Bord Stiúrtha FNT, Bord an Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge srl. agus trí idirphlé straitéiseach leis na Patrúin bunleibhéil agus iar-bhunleibhéil, an Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (bun agus iar-bhunleibhéil), ceardchumann na múinteoirí, CNCM, Eagrais na Scoileanna Gaeltachta, lontaobhas na Gaelscolaíochta, Comhairle na Gaelscolaíochta, Comhar na Múinteoirí Gaeilge srl.
- Stocaireacht ar chomhpháirtithe oideachais faoi olltábhacht soláthair oiriúnach do mhúinteoirí atá in oiriúint do shainriachtanais earnála na gaelscolaíochta agus ar son cláir cuí réamhsheirbhíse, inseirbhíse agus insealbhairthe do mhúinteoirí agus do phríomhoidí in oiriúint don ghaelscolaíocht.
- Tacaíocht struchtúrtha a chur ar fáil do na hAonaid lán-Ghaeilge trí stocaireacht ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoi na saincheisteanna forbartha.
- Ionadaíocht rannpháirteach ar choistí agus ag comhdhálacha d'eagraíochtaí Gaeilge agus oideachais chun láithreach agus ceannródaitheacht a léiriú i gceisteanna an tumoideachais agus na gaelscolaíochta.
- Díospóireacht shláintiúil a chothú ar thábhacht na gaelscolaíochta agus ar mhórcheisteanna na hearnála trí mheán na Comhdhála Bliantúla, comhdhálacha de chuid eagraíochtaí eile, seimineáir, coistí oibre agus trí na meáin chumarsáide.
- Aighneachtaí a ullmhú agus freagra a thabhairt ar cháipéisí comhairliúcháin roghnaithe maidir le saincheisteanna oideachais i gcoitinne agus le polasaithe agus forbairt earnála na gaelscolaíochta go háirithe. Mórphobal agus pobail na scoileanna a spreagadh chun aighneachtaí a ullmhú agus a bheith rannpháirteach go gníomhach i bpleanáil do thodhchaí na gaelscolaíochta.

## 6. PRÍOMHRÉIMSÍ OIBRE NA HEAGRAÍOCHTA

### 3. RÉIMSE OIBRE FORBAIRT SCOILPHOBAIL

#### AIDHM

#### 3.1 FORBAIRT AGUS LEATHNÚ PHOBAL NA GAEILGE

Go mbeidh GAELSCOILEANNA TEO. lárnach i bhforbairt agus i leathnú mórfhobal na Gaeilge agus an phobail le Gaeilge thart timpeall na scoile.

#### STRAITÉISÍ

- Go mbeidh teagmháil agus páirtneireacht leanúnach á forbairt ag GAELSCOILEANNA TEO. leis na comhpháirtithe eile oideachais agus Gaeilge.
- An Fóram Scoilphobail a neartú i gcomhar lenár gcomhpháirtithe Comhlúadar, FNT, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Iontaobhas na Gaelscolaíochta agus Comhairle na Gaelscolaíochta.
- Comhoibriú agus plé leanúnach leis na heagrais Ghaeilge ar mhaithe le deiseanna d'fhorbairt scoilphobail agus úsáid na Gaeilge lasmuigh de gheata na scoile a láidriú.

#### AIDHM

#### 3.2 FEASACHT A ARDÚ AR RIACHTANAS AGUS AR DHEISEANNA AN SCOILPHOBAIL

Go mbeidh tuiscint mhéadaithe ag scoileanna lán-Ghaeilge agus a bpobail ar céard is scoilphobal ann agus conas é a chothú chun leasa na scoile.

#### STRAITÉISÍ

- Trí mheán an Fhórait Scoilphobail, margáocht agus poiblíocht a dhéanamh ar na deiseanna atá ann d'fhorbairt scoilphobail agus úsáid na Gaeilge lasmuigh de gheata na scoile.
- Foinní cuí maoinithe a aimsiú chun ábhar bolscaireachta a fhorbairt a bheidh chun leasa na scoile, mar shampla treoirleabhair do bhunú scoilphobail, agus uirlisí praiticiúla eile.
- Aitheantas a thabhairt do thábhacht fhorbairt an scoilphobail trí chainteanna agus cheardlanna phraiticiúla a éascú ag an gComhdháil Bhliantúil.

## Na hOifigigh

**UACHTARÁN:** Mícheál Ó Broin  
Príomhoide, Gaelscoil Chnoc na Ré, Sligeach.

**LEAS-UACHTARÁN:** Cathnia Ó Muircheartaigh  
Príomhoide, Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh.

**RÚNAÍ:** Anita Nic Amhloibh  
Príomhoide, Gaelscoil Nás na Rí, Co. Chill Dara.

**LEAS-RÚNAÍ:** Yvonne Ní Mhurchú  
Príomhoide, Gaelscoil an Longfoirt, Co. Longfoirt.

**OIFIGEACH CAIDRIMH POIBLÍ:** Máirín Ní Chéileachair  
Príomhoide, Gaelscoil Uí Fhiaich, Co. Chill Dara.

**CISTEOIR:** Dealgan Ó Ciarúbháin  
Cathaoirleach, Scoil Chaitríona, Baile Átha Cliath 9.

**OIFIGEACH POLASÁÍ AGUS PLEANÁLA:** T.J. Ó Ceallaigh  
Ar iasacht ó Ghaelscoil na nDéise, Port Láirge, ag obair leis an tSeirbhís um Thacaíocht Ghairmiúil do Bhunscoileanna

## Stiúrthóirí Eile

Seán Ó Nuanáin  
Ball de Bhord Bainistíochta, Gaelscoil Dhonncha Rua, Sionna, Co. an Chláir.

Cathal Ó Luain  
Ball de Bhord Bainistíochta, Scoil Chrónáin, Ráth Cúil, Co. Átha Cliath.

Clodagh Ní Mhaoilchiaráin  
Príomhoide, Gaelscoil Bhaile Bhrigín, Co. Átha Cliath.

Alison Carruth  
Múinteoir, Coláiste Cois Life, Co. Átha Cliath.

Ben Ó Floinn  
Ionadaí, Forbairt Naíonraí Teoranta.

Seán de Paor  
Príomhoide, Gaelscoil Chill Dara, An Currach, Co. Chill Dara.

Mícheál Ó Duibh  
Ionadaí, Comhairle na Gaelscolaíochta.

Ciarán Mac Fhearghusa  
Múinteoir, Coláiste Cois Life, Co. Bhaile Átha Cliath.

Adrian Breathnach  
Múinteoir, Gaelscoil Charraig Uí Leighin, Co. Chorcaí.

Seán Mag Oireachtaigh  
Ball de Bhord Bainistíochta, Scoil Chaitríona, Baile Átha Cliath 9.



## AGUISÍN 2

## An Ghaelscolaíocht agus an Córas Tumoideachais

## Cad Chuige an Ghaelscolaíocht?

Gluaiseacht atá ann a d'eascair go hiomlán ó dhíograis an phobail seachas ó pholasaí an Stáit. D'fhás líon na scoileanna lán-Ghaeilge sna hochtóidí mar thoradh ar thuiscint na dtuismitheoirí ar bhuntáistí an tumoideachais, buntáistí a bhí níos leithne ná buntáistí teangeolaíochta. Córas atá sa ghaelscolaíocht ina gcleachtaítear an tumoideachas mar mhodh oideachais.

I gcomhthéacs ról na scoileanna lán-Ghaeilge agus forbairt pobail le Gaeilge, tá comhcheangal idir freastal páistí ar scoileanna lán-Ghaeilge agus méid na Gaeilge a labhraítear sa bhaile mar go gcruthaíonn an páiste riachtanas teanga dá dtuismitheoirí agus ar an taobh eile de go leathnaíonn tuismitheoirí deiseanna dá bpáistí. Spreagann páistí sa chóras gaelscolaíochta forbairt gréasáin de chainteoirí Gaeilge, rud a leathnaíonn obair na scoile isteach sa bhaile agus sa phobal. Ní mór áfach, éifeachtúlacht na scoileanna mar uirlisí d'athbheochan na teanga a chur i gcomhthéacs ollfhreagracht na sochaí agus i gcomhthéacs phríomhspríoc na scoileanna lán-Ghaeilge – is é sin sároideachas a chur ar fáil do phobail na tíre seo.

## Buntáistí an Chórais Gaelscolaíochta

De réir an taighde, bronnann oideachas dátheangach a lán buntáistí ar an bpáiste, ina measc:-

## Buntáistí an Churaclaim

1. Gnóthachtáil mhéadaithe churaclaim.
2. Níos éasca an tríú agus an ceathrú teanga a shealbhú.

## Buntáistí Cumarsáide

3. An Dátheangachas (cumas dhá theanga a labhairt go líofa).
4. Déilíearthacht (léamh agus scríobh i ndá theanga).
5. Cumarsáid níos forleithne (teaghlach, pobal, cairde, fostaíocht).

## Buntáistí Cultúrtha

6. Inchultúrú níos forleithne (ag foghlaim agus ag glacadh fút féin luachanna cultúir eile); ilchultúrachas níos doimhne; caoinfhulaingt chultúir eile níos fearr.

## Buntáistí Cognaiochta

7. Buntáistí smaointeoireachta (cruthaitheacht, íogaireacht chumarsáide).

## Buntáistí Carachtair

8. Féinmhuinín níos fearr.
9. Diongbháilteacht Féiniúlachta.

## Buntáistí Airgid

10. Buntáistí eacnamaíochta agus fostaíochta, (ó Baker, 2003).

Is féidir na dea-thorthaí thuas a bhaint amach toisc go bhfuil na cumais a fhoghlaimíonn páistí i dteanga amháin inaistrithe go dtí teanga eile. Tugann Cummins (2000) cumas bunúsach teanga air seo mar a mhíníonn sé: 'transfer across languages of conceptual knowledge and academic skills (such as learning and reading strategies) compensates for the reduced instructional time through the majority language', (Cummins, 2000).

## An Córas Tumoideachais in Éirinn

## Cur síos ginearálta ar an gCóras

Ciallaíonn an tumoideachas córas ina mhúintear gach ábhar trí theanga shonraithe amháin. Aithnítear an tumoideachas anois go hidirnáisiúnta mar bhealach fíor-éifeachtach chun oideachas dátheangach a chur chun cinn.

Déantar idirdhealú idir gnéithe lárnacha an tumoideachais agus gnéithe inathraithe.

Go hachomair, is iad na gnéithe lárnacha de gach clár tumoideachais ná:-

- Is í T2 meán an teagaisc
- Tá an curaclam comhchosúil le curaclam T1
- Is é an sprioc ná an dátheangachas suimitheach
- Tá teagmháil leis an T2 teoranta go príomha don seomra ranga (agus do thimpeallacht na scoile i gcoitinne)
- Múinteoirí dátheangacha nó le hard-líofacht atá san fhoireann teagaisc
- Tagann paistí isteach sa chóras leis an leibhéal céanna (teoranta) sa T2

I measc na ngnéithe inathraithe áirítear an staid ag a dtosaítear ar litearthacht sa T1 isteach, stádas an T2, srl., (Johnstone & Swain, 1997). Baineann an cheist seo leis an gcóras luath-thumoideachais.

Tá luath-thumoideachas á chleachtadh in Éirinn ó bunaíodh an Stát. Ón am sin i leith cleachtaíodh an luath-thumoideachas lomlán, an ceann is éifeachtaí dar leis an taighde idirnáisiúnta do shealbhú an T2. Is éard atá i gceist le luath-thumadh iomlán ná modh agus córas teagaisc a chleachtáitear i gcomhthéacs an tumoideachais agus a bhaineann leas as teanga na scoile (T2) seachas teanga bhaile na ndaltaí (T1). Múintear an teanga sin amháin sna ranganna naíonáin ar feadh bliana acadúla nó dhó (nó trí i gcásanna áirithe), tráth a dtosnaítear ar mhúineadh T1 go foirmiúil. Baintear leas forleathan as an luath-thumadh ar fud an domhain chun a chinntiú go dtugann daltaí teanga teagaisc na scoile (T2) leo go mear agus go héifeachtach chun a chur ar a gcumas curaclam na scoile a leanúint trí mheán theanga na scoile (T2). Baintear leas as, go háirithe nuair atá teanga na scoile ina teanga mhionlaigh sa tsochaí ina bhfuil an scoil ag feidhmiú, m.sh. i scoileanna Breatnaise sa Bhreatain Bheag, scoileanna Gaidhlice in Albain, scoileanna Bascaise i dTír na mBascach agus scoileanna Fraincise i gCeanada lasmuigh de Quebec agus den mhórphobal Fraincise.

## AGUISÍN 2

## An Ghaelscolaíocht agus an Córas Tumoideachais

Páistí nach cainteoirí dúchais iad formhór na bpáistí sa chóras tumoideachais in Éirinn. I ngeall ar chúinsí sochtheangeolaíochta, tá sé riachtanach timpeallacht a chothú a dhéanann aithris ar thimpeallacht nádúrtha labhartha na tumtheanga. Chuige sin, déantar iarracht, ar bhealach tuisceanach, an méid de dhara teanga na ndaltaí a bhíonn in úsáid, le feiceáil agus le cloisteáil a mhéadú a oiread agus is féidir.

I gcás na scoileanna lán-Ghaeilge is í an Ghaeilge teanga thumtha an chórais. Is í an Ghaeilge meán cumarsáide agus teagaisc na scoile. Is ionann an Ghaeilge agus teanga oibre na scoile. Leanann daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge an gnáthchuracclam scoile mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachas agus Eolaíochta ó dheas nó an Roinn Oideachais ó thuaidh. Baintear amach líofacht iomlán sa Bhéarla agus sa Ghaeilge tríd an gcóras seo. Baintear na cuspóirí ar fad atá luaite leis an gcuraclam Béarla, maille le cuspóirí sa bhreis orthu siúd, go hiomlán amach le linn na tréimhse bunscolaíochta.

Tá múnlaí éagsúla den tumoideachas á gcleachtadh go hidirnáisiúnta. Faoi láthair tá múnlaí comhchosúla den tumoideachas á gcleachtadh sna scoileanna lán-Ghaeilge, bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Tá fianaise ar fáil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta go n-éiríonn go han-mhaith le páistí sa chóras tumoideachais agus go mbaintear amach sárchaighdeán sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Is í an sprioc atá ag an gcóras ná ag deireadh na tréimhse scolaíochta go mbeidh cumas na tumdhaltá sa T1 (Béarla i gcás na hÉireann) chomh maith leis na daltaí a fuair oideachas tríd an T1. Anuas air sin, beidh ardchumas ag daltaí sa T2 (Gaeilge i gcás na hÉireann). Tugtar dátheangachas suimíoch air seo agus is é sin an sprioc atá ag gach scoil lán-Ghaeilge dá daltaí, (Johnson & Swain, 1997).

## AGUISÍN 3

## An Fóram Scoilphobail

Comhfhiontar atá san Fhóram Scoilphobail a bunaíodh le linn 2005 mar iarracht ar fhorbairt chomhlántach an phobail thart timpeall ar an scoil lán-Ghaeilge ar fud oileán na hÉireann. Trí chomhpháirtíocht le Comhlúadar, le Comhairle na Gaelscolaíochta, le FNT, le hlontaobhas na Gaelscolaíochta agus le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge is é sprioc an Fhórait ná dul i bhfeidhm go straitéiseach ar an bpobal chun leasa na scoile, agus ar an scoil chun leasa an phobail Ghaeilge máguaird trí fheasacht a ardú ar na deiseanna agus na buntáistí atá ann d'fhorbairt scoilphobail.

Is núicléas de phobal Gaeilge iad na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá ról ag na pobail éagsúla mórthimpeall ar an scoil: na heagrais óige, chultúrtha, teanga & spóirt ag freastal ar dhaltáí, ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí agus ar an bpobal mór sna ceantair ina bhfuil siad lonnaithe.

Deirtear go mbíonn gá ag scoileanna lán-Ghaeilge le neartú sochaíoch cuimsitheach leanúnach ag leibhéal na réamhscoile, lasmuigh den scoil, agus ag leibhéal na hiarscoile, má tá siad le

féinchothabháil a bhaint amach ó thaobh na teanga de. Léiríonn an taighde gurb é ceann de na dúshláin is mó a bhaineann leis an nGaeilge mar theanga bheo labhartha ná an bearna idir cumas agus úsáid. Is rí-shoiléir go bhfuil gá le planáil straitéiseach ag an leibhéal náisiúnta chun an bearna seo a ghiorrú. Bainfear é seo amach trí chomhphleanáil, chomhaontú spriocanna agus chur i bhfeidhm comhpháirteach.

Túsphointe agus fóram plé atá san Fhóram Scoilphobail chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo. I measc na gcúraimí atá ar an bhFóram seo, tá taighde dúchasach á choimisiúnú ar na deiseanna atá ann d'fhorbairt agus do chothú scoilphobail, maille le treoirleabhar a dheardh agus a fhorbairt a bheidh mar uirlis phraiticiúil do scoileanna lán-Ghaeilge agus iad i mbun féinmhargaíochta agus féinchothabhála. Tugann an Fóram deis fhiúntach do chomhoibriú trasteorann trí fheidmiú tograí éagsúla agus chomhroinnt saineolais agus acmhainní. Leanfaidh an Fóram ag lorg foinsí maoinithe cuí chun ábhair chuí tacaíochta a fhorbairt do scoileanna lán-Ghaeilge.

### Earnáil na Gaelscolaíochta sa Tuaisceart ó na Seachtóidí i leith...

Bunaíodh Bunscoil Phobal Feirste, an chéad bhunscoil lán-Ghaeilge sa Tuaisceart, ar Bhóthar Seoighe sa bhliain 1971 le naonúr páistí. Is de thairbhe tola agus éilimh mhuintir Ghaeltacht Bhóthar Seoighe a bunaíodh an scoil seo. Thioctadh a mhaíomh gurb é bunú na gaelscoile seo a thosaigh gluaiseacht na gaelscolaíochta ó thuaidh.

Is iomaí streachailt a bhí ag muintir Ghaeltacht Bhóthar Seoighe leis an Roinn Oideachais ó thuaidh le go mbeadh scolaíocht trí mheán na Gaeilge dá gcuid páistí aitheanta agus maoinithe ag an Roinn Oideachais. Is streachailt iad seo leis an Roinn Oideachais a d'fhanfadh le gluaiseacht na gaelscolaíochta go gceann i bhfad. D'fhan Bunscoil Phobal Feirste go dtí an bhliain 1984 chun aitheantas agus maoiniú a fháil ón Roinn Oideachais ó thuaidh.

Sa bhliain 1979, rinneadh iarracht iar-bhunscoil lán-Ghaeilge a bhunú i mBéal Feirste ach níor mhair sí ach 2 bhliain. Níorbh í seo an iarracht dheireanach, áfach, le soláthar iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge a bhunú i mBéal Feirste, rud a tharla níos faide ar aghaidh le bunú Mheánscoil Feirste.

Sa bhliain 1983, bunaíodh an dara soláthar bunscolaíochta lán-Ghaeilge ó thuaidh i gCathair Dhoire i mBaile Stíl agus rinneadh scoil shaorscartha di sa bhliain 1993. Sa bhliain 1986, bunaíodh Gaelscoil na bhFál, an dara bunscoil lán-Ghaeilge i mBéal Feirste agus bunaíodh Bunscoil an Lúir ar an lúir bliain ina diaidh. D'éirigh le Gaelscoil na bhFál aitheantas agus maoiniú na Roinne Oideachais ó thuaidh a bhaint amach sa bhliain 1992 agus d'éirigh le Bunscoil an Lúir amhlaidh a dhéanamh sa bhliain 1997. Dála mar a bunaíodh gaelscoileanna sna ceantair seo bunaíodh gaelscoileanna i gceantair eile.

Tógadh céim mhór eile i gcúrsaí gaelscolaíochta sa Tuaisceart le forbairt na hiar-bhunscolaíochta nuair a bunaíodh Meánscoil Feirste [Coláiste Feirste, mar atá uirthi anois] sa bhliain 1991. Cúig bliana ina dhiaidh seo d'éirigh leis an scoil maoiniú agus aitheantas na Roinne Oideachais a fháil. Sa bhliain 1994, bunaíodh Meánscoil Dhoire a bhí ina scoil shaorscartha. Chinn údaráis na scoile an scoil a aistriú ina haonad gaelscolaíochta le Coláiste Bhríde agus d'éirigh léi aitheantas agus maoiniú roinne a fháil leis seo a dhéanamh i Meán Fómhair 2000. Sa bhliain 2003, bunaíodh Coláiste Chairríona, an tríú soláthar iar-bhunscolaíochta ó thuaidh d'Ard Mhacha le riaradh ar éileamh na gaelscolaíochta in Ard Mhacha.

Mar gheall ar an bhfás i líon na mbunscoileanna agus mar gheall air gur aithníodh go raibh gá le hoiliúint ar leith do mhúinteoirí gaelscoile cuireadh, sa bhliain 1995, tús le cúrsa oiliúna B.Oid. sa ghaelscolaíocht i gColáiste Ollscoile Naomh Muire d'ábhair mhúinteoirí gaelscoile. Trí bliana ina dhiaidh seo, bunaíodh An tÁisaonad Lán-Ghaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire

le háiseanna teagasc trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do ghaelscoileanna.

Sa bhliain 2000, bhunaigh an Roinn Oideachais Comhairle na Gaelscolaíochta mar fhoras ionadaíoch don ghaelscolaíocht. Bunaíodh CnaG mar chuid do dhualgais RO faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta le tacaíocht a thabhairt don soláthar Gaelscolaíochta atá bunaithe trí héascú na forbartha ar an soláthar gaelscolaíochta ag leibhéal náiscoil, bunscoile agus iar-bhunscoile. Éascaíonn CnaG fás agus forbairt leanúnach earnáil na gaelscolaíochta trí straitéis limistéir d'fhorbairt na gaelscolaíochta a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le páirtneirí oideachasúla eile agus trí bheith ag comhoibriú leo. Anuas air seo, cuireann CnaG réimse d'fheidhmeanna tacaíochta breise i gcrích amhail ionadaíocht thar ceann na gaelscolaíochta, ag cur comhairle ar dhaoine aonair agus eagraíochtaí maidir le forbairt leanúnach na gaelscolaíochta agus ag cur chun cinn na gaelscolaíochta sa phobal i gcoitinne san áireamh.

Sa bhliain 2001, bunaíodh lontaobhas na Gaelscolaíochta. Tugann InaG tacaíocht trí mhaoiniú d'fhorbairt na hearnála, trí mhaoiniú do bhunú náiscoilleana úra, trí dheontais a thabhairt do scoileanna neamhspléacha agus trí chuidiú a thabhairt le costais chaipitleacha do scoileanna atá deonmhaoinithe ag an RO ach nach bhfuil in ann go fóill cur isteach ar dheontais chaipitleacha na RO.

### Fás ar Earnáil na Gaelscolaíochta

Tá sé le sonrú go bhfuil fás leanúnach suntasach ar earnáil na gaelscolaíochta ó bhí 1971 ann agus go bhfuil an fás seo go fóill ag tarlú in ainneoin go bhfuil titim shuntasach i líon na bpáistí atá ag clárú le scoileanna in earnálacha eile. Tá an fás seo le sonrú sa ghraf ar an gcéad leathanach eile.

Is léir go bhfuil an mórfhás faoi scoileanna lán-Ghaeilge a tharla ar feadh na 1980í–1990í ag leanúint ar aghaidh sna 2000í mar atá le feiceáil ón ngraf. Sna '70í, bunaíodh 3 sholáthar gaelscolaíochta náiscoil, bunscoil agus iar-bhunscoil. Sna '80í, bunaíodh 11 sholáthar eile gaelscolaíochta idir sholáthar réamhscolaíochta agus bhunscolaíochta. Sna '90í, bunaíodh 31 soláthar eile gaelscolaíochta idir sholáthar réamhscolaíochta, bhunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta. Bunaíodh Gaeloiliúint sna '90í fosta, eagraíocht a thug tacaíocht agus cuidiú do ghaelscoileanna agus a chuidigh le bunú gaelscoileanna. Ó 2000 go 2007, bunaíodh 31 soláthar eile gaelscolaíochta idir sholáthar réamhscolaíochta, bhunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta. Sin 4.5 scoil ar an meán gach bliain.

Má leanann an borradh seo ar aghaidh faoin luas seo, ba chóir go mbeadh breis agus 40 gaelscoil nuabhunaithe ar an bhfód faoin mbliain 2010. Léiríonn an fás seo go mbunófar an oiread céanna gaelscoileanna idir 2000 agus 2010 agus a bunaíodh sna blianta idir 1970 agus 1999. Léiríonn seo ann féin an t-éileamh suntasach atá ann don ghaelscolaíocht ó thuaidh.

## AGUISÍN 4 An Ghaelscolaíocht ó Thuaidh

Ní hé amháin go bhfuil borradh faoi líon na ngaelscoileanna agus na ndaoine atá ag éileamh gaelscolaíochta, ach tá siad ag leathnú amach fud fad an Tuaiscirt. Sna '70í, cur i gcás, is i mBéal Feirste amháin a bhí gaelscoileanna le fáil ó thuaidh. Ach sna 80í, leathnaigh na gaelscoileanna amach go Co. Dhoire, Co. Ard Mhacha agus Co. an Dúin. Sna '90í, tháinig gaelscoileanna chun tosaigh i gCo.

Thír Eoghain agus anois sna 2000í, tá gaelscoileanna i ngach contae i dTuaisceart Éireann. Tá an borradh seo, a spréigh ó chontae go contae, anois ag spré ó bhaile mór go baile mór taobh istigh de gach contae, a bhfuí le taithí agus le dúthracht na ndaoine agus n-eagraíochtaí atá gníomhach i bhforbairt an ghaeloideachais.

### Fás ar líon na ndaltaí

